Tuarascáil na gCuideachtaí 2008

Curtha faoi bhráid an Oireachtais de réir fhorálacha
Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2007

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise, Trade and Employment

RÉAMHAISTE

Tugann an Tuarascáil seo, an tríú ceann is ochtó sa tsraith, achoimre ar na príomh-athruithe a rinneadh ar chóras reachtaíochta na gcuideachtaí in 2008.

De réir Thuarascáil an Bhainc Dhomhanda "Doing Business 2009" tá Éire rangaithe sa chúigiú áit as 181 geilleagar a ndearnadh suirbhé orthu maidir le chomh héasca is atá sé gnó a bhunú. Tá príomh-ról ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí sa ghnóthachtáil seo agus bhain sí a spriocanna maidir le scéimeanna ionchorpraithe cuideachtaí amach go leanúnach in 2008. Sháraigh an Oifig a sprioc maidir le 90% de chuideachtaí a bheith cothrom le dáta ó thaobh tuairisceáin bhliantúla a chomhdú freisin.

Léirigh Tuarascáil Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) roinnt torthaí suntasacha dá Oifig i rith 2008 lena n-áiríonn an chéad uair a ciontaíodh stiúrthóir cuideachta de bharr sócmhainní cuideachta a úsáid go feasach agus mar sin sárú a dhéanamh ar na srianta dlíthiúla a bhaineann le hiasachtaí a thabhairt do stiúrthóirí. D'fhoilsigh an Oifig Lámhleabhar Dlí Cuideachta/Treoir ar Chuideachtaí Bainistithe Réadmhaoine chun cabhrú leo a rialachas a fheabhsú.

I rith 2008, leanadh leis an obair ar an mBille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí. Samhlaítear go ndéanfar dul chun cinn suntasach i dtreo chur i gcrích an dréachta faoi dheireadh 2009. Is clochmhíle an-tábhachtach í an fhorbairt seo maidir leis an athchóiriú agus comhdhlúthú is suntasaí a ndearnadh ar dhlí cuideachta in Éirinn ón Acht 1963. Cuimseoidh an Bille seo gach gné de Dhlí Cuideachta lena n-áireofar ionchorprú cuideachtaí, rialachas corparáideach, ráitis airgeadais, comhlíonadh agus forfheidhmiú. Chomh maith leis an obair ar an mBille Comhdhlúthaithe agus Athchóirithe, rinneadh sé Ionstraim Reachtúil i rith na bliana. Thug trí cinn díobh sin éifeacht do Threoracha Pharlaimint na hEorpa agus b'é an aidhm a bhí leis an trí cinn eile leasú a dhéanamh ar roinnt foirmeacha de chuid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí.

Tabharfaidh tú faoi deara go ndearnadh athruithe ar leagan amach na Tuarascála seo ar Dhlí Cuideachta i mbliana. Roimhe seo, tugadh achoimre ar ghníomhaíochtaí na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí a oibríonn i réimse an dlí cuideachta sa Tuarascáil, i mbliana tugtar naisc dhíreacha chuig láithreáin ghréasáin a gcuid Tuarascálacha Bliantúla chun rochtain a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí in 2008.

Billy Kelleher
An tAire Trádála agus Tráchtála

Clár

Caibidil 1 Forbairtí Reachtaíochta..... 4

Caibidil 2 Athchóiriú ar Dhlí Cuideachtaí 8

Caibidil 3 Feidhmeanna Reachtúla an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta 10

Caibidil 4 Gníomhaireachtaí/Oifigí ag oibriú sa Réimse Dlí Cuideachta..... 14

Aguisín 1 Stocmhalartán na hÉireann..... 16

Aguisín 2 Euroclear UK & Ireland (EUI)..... 21

Aguisín 3 Cuntas Leachtaithe na gCuideachtaí Amhail an 31-12-2008..... 29

Aguisín 4 Míniú ar na Téarmaí ana nÚsáid sa Tuarascáil 31

Aguisín 5 Teagmhálacha fónta do chúrsaí dlí cuideachta sa Roinn..... 33

Caibidil 1 **Forbairtí Reachtaíochta**

Rinneadh na hIonstraimí reachtúla seo a leanas maidir le nithe faoin dlí cuideachta i rith 2008.

I.R. Uimh. 89 de 2008: - Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2008 (Cuideachtaí Poiblí Teoranta – Treoir 2006/68/EC)
Tugann na Rialacháin seo éifeacht d'fhorálacha áirithe de chuid Treoir 2006/68/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ón 6 Meán Fómhair 2006 a leasaigh Treoir ón gComhairle 77/91/EEC maidir le cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta a fhoirmiú agus a gcuid caipitil a chothabháil agus a athrú. Is éard atá sna réimsí arna gclúdú ag na Rialacháin nithe a bhaineann le cosaint creidiúnaithe i gcásanna ina laghdaítear caipiteal agus ina gceannaíonn cuideachta a scaireanna féin.

I.R. Uimh. 157 de 2008 – **Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumaisc Thrasteorann) 2008**

Tugann na Rialacháin seo éifeacht do **Threoir 2005/56/EC** de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ón 26 Deireadh Fómhair 2005 ar chumaisc thrasteorann de chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta agus cuireadh i bhfeidhm iad le héifeacht ón 27 Bealtaine 2008.

I.R. Uimh. 572 de 2008 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumaisc agus Rannta Cuideachtaí) (Leasú) 2008
Tugann na Rialacháin seo éifeacht do **Threoir 2007/63/EC** de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ón 13 Samhain 2007 agus leasaíonn siad Treoracha ón gComhairle 78/855/EEC agus 82/891/EEC maidir le riachtanais thuarascáil shaineolaí neamhspleách ar ócáid chumasc nó roinnt chuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta. Cuireadh na Rialacháin i bhfeidhm le héifeacht ón 31 Nollaig 2008.

I.R. Uimh. 348 de 2008 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta Aonbhaill) (Leasú) 2008.
Is é cuspóir na Rialachán seo foirmeacha na hOifige um Chlárú Cuideachtaí M1 & M2 a leasú maidir le cuideachtaí aonbhaill agus na foirmeacha a bhí ann roimhe seo a aisghairm.

I.R. Uimh. 349 de 2008 – Rialacháin Cuideachtaí (Foirmeacha) 2008
Déanann na Rialacháin seo Foirm na hOifige um Chlárú Cuideachtaí H5, atá le comhlíonadh ag cuideachta atá ag ceannach a scaireanna féin agus/nó scaireanna i gcuideachta shealbhaíochta, a leasú agus a thabhairt cothrom le dáta.

I.R. Uimh. 350 de 2008 – **Ordú Cuideachtaí (Foirmeacha) 2008**
Is é cuspóir an ordaithe foirmeacha arna bhforordú chun críocha eolas a chomhdú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí a leasú agus a thabhairt cothrom le dáta.

Reachtaíocht Reatha atá á thrasuí faoi láthair

Treoir 2007/36/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ón 11 Iúil 2007 ar fheidhmiú chearta áirithe de chuid scairshealbhóirí i gcuideachtaí liostaithe.

Tugann an Treoir caighdeáin íosta isteach lena chinntiú go mbeidh rochtain tráthúil ag scairshealbhóirí chuideachtaí a dtrádáiltear a scaireanna ar mhargadh rialaithe ar fhaisnéis ábhartha roimh Chruinniú Ginearálta agus modh simplí chun cianvótáil a dhéanamh. Is é an príomhchuspóir a chinntiú go bhfeidhmítear an ceart vóta a chaitheamh gan a bheith i láthair go fisiciúil ag cruinnithe, le béim láidir ar rannpháirteacht iomlán i gcruinnithe den sórt sin trí mhodh leictreonach agus mar sin éascaíocht a dhéanamh do scairshealbhóirí neamhchónaitheacha agus do scairshealbhóirí cónaitheacha nach féidir freastal ar chruinnithe den sórt sin.

Treoir 2006/43/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ón 17 Bealtaine 2006 ar iniúchtaí chuntas bliantúil agus chuntas comhdhlúite, a leasaíonn Treoracha ón gComhairle 78/660/EEC agus 83/349/EEC agus a aisghaireann Treoir ón gComhairle 84/253/EEC. (8ú Treoir)

Déanann sé foráil d'atreisiú agus do chomhchuibhiú na feidhme iniúchta ar fud an AE agus leagann sé prionsabail do mhaoirseacht poiblí amach i ngach Ballstát, chomh maith le riachtanas do dhearbhú cáilíochta seachtrach agus déanann sé soiléiriú ar dhualgais iniúchóirí reachtúla. Leagann sé amach prionsabail neamhspleáchais is infheidhme le gach iniúchóir reachtúil freisin. Éilíonn sé ar chuideachtaí liostaithe coiste iniúchta a bhunú a mbeidh feidhmeanna soiléire le comhlíonadh acu chomh maith.

Treoir 2006/46/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ón 14 Meitheamh 2006 a leasaíonn Treoracha ón gComhairle **78/660/EEC** ar chuntais bhliantúla cineálacha áirithe cuideachtaí, **83/349/EEC** ar chuntais chomhdhlúite, **86/635/EEC** ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite de chuid banc agus institiúidí airgeadais eile agus **91/674/EEC** ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite de chuid gnóthas árachais. (4ú agus 7ú Treoir)

Is é cuspóir an leasaithe cur níos mó leis an muinín sna ráitis airgeadais agus sna tuarascálacha arna bhfoilsiú ag cuideachtaí/institiúidí airgeadais an AE trí éiliú orthu faisnéis níos iontaofa agus níos iomláine a chur ar fáil do scairshealbhóirí agus do gheallsealbhóirí eile.

Cinneadh an Choimisiúin (**2008/627/EC**) a dheonaíonn aga idirtréimhseach le haghaidh riachtanas cláraithe iniúchóirí tríú tíre.

Forbairtí reachtaíochta amach anseo lena n-áirítear Treoracha ó thaobh idirbheartaíochta

Reacht do Chuideachta Phríobháideach Eorpach

Is cuid d'Acht na Mionghnóthas don Eoraip é an Reacht do Chuideachta Phríobháideach Eorpach dá dtagraítear sa Laidin mar Societas Privata Europaea (SPE). Tá an SPE i bhfoirm Rialacháin agus tá sraith rialacha dlí cuideachta aonfhoirmeacha ann a bhfeidhmeodh le haon SPE a bhunófaí ar feadh na mBallstát. Go bunúsach, tugann sé an rogha d'fhiontraithe SPE a fhoirmiú seachas cuideachta phríobháideach teoranta faoin dlí náisiúnta.

Is é cuspóir an SPE éascaíocht a dhéanamh do SMEnna na hEorpa dul i mbun gnó trasteorann trí fhoirm dlíthiúil Eorpach a sholáthar dóibh a bhíonn mar an chéanna i ngach Ballstát. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoin togra ag: **http://www.entemp.ie/commerce/companylawlegislation/publications.htm**

Togra maidir le Treoir de chuid Parlaimint na hEorpa agus de chuid na Comhairle a leasaíonn Treoracha na Comhairle 78/660/EEC (4ú Treoir) agus 83/349/EEC (7ú Treoir) i ndáil le riachtanais nochta áirithe do chuideachtaí meánmhéide agus oibleagáidí ó thaobh cuntais chomhdhlúite a dhréachtadh.

Is é aidhm an leasaithe molta don 4ú Treoir tuairisciú airgeadais a shimpliú do chuideachtaí beaga agus meánmhéide (SMEnna) as a leanfaidh ualach riaracháin níos lú do SMEnna gan trédhearcacht d'úsáideoirí cuntas a chailleadh. Is é aidhm an leasaithe molta ar an 7ú Treoir an idirghníomhaíocht idir rialacha comhdhlúite sa Treoir seo agus sna Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta a shoiléiriú agus an dúbláil oibre ar na cuntais sin a tharlaíonn faoi láthair a sheachaint.

Togra maidir le Treoir de chuid Parlaimint na hEorpa agus de chuid na Comhairle a leasaíonn Treoracha ón gComhairle 77/91/EEC, 78/855/EEC agus 82/891/EEC agus Treoir 2005/56/EC i ndáil le riachtanais tuairiscithe agus cáipéisíochta i gcás cumaisc agus rannta.

Is é aidhm an togra riachtanais tuairiscithe cuideachtaí a laghdú i gcás cumasc agus rannta, tuairisciú dúbailte a sheachaint agus deis a thabhairt do chuideachtaí an Idirlíon agus ríomhphost a úsáid d'fhonn dréacht-téarmaí cumaisc no ranna a fhoilsiú.

Moltaí an Choimisiúin

Tá moladh an Choimisiúin (**2008/362/EC**) ar Dhearbhú Cáilíochta (Iniúchtaí Reachtúla), dírithe ar Bhallstáit agus tugann sé treoir maidir le córais dhearbhú cáilíochta neamhspleácha a chur i bhfeidhm do na hiniúchóirí agus do na gnólachtaí iniúchóireachta sin atá gafa le iniúchtaí ar Aonáin Leasa Poiblí. Rinne an Roinn comhairliúchán tosaigh i mí Iúil agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar shocrúcháin roimh dheireadh na bliana maidir le comhairliúchán scríofa fairsing le páirtithe leasmhara maidir le hábhar.

Moladh an Choimisiúin (2008/473/EC) maidir le srianadh ar dhliteanas sibhialta iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta a dhéanann iniúchadh reachtúil ar chuntais chomhdhlúite nó ar chuntais bhliantúla chuideachta atá cláraithe i mBallstát agus a gceadaítear na hurrúis lena mbaineann chun trádála ar mhargadh rialaithe i mBallstát.

Tá moltaí ar dhliteanas iniúchóra san áireamh i dTuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta 2007.

Is féidir cóipeanna den reachtaíocht a cheannach díreach ó Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Trádstóras Foilseacháin an Rialtais, Bóthar Uí Bheoláin, Rialto, Baile Átha Cliath 8 nó tríd an bpost ó Fhoilseacháin an Rialtais, Rannóg Trádála Poist, 4/5 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Teil: (01) 6733515 fo-líne 4040/4045; Faics: (01) 6476843.

Tá téacs iomlán na nAchtanna, na nIonstraimí Reachtúla agus na Rialachán a bhaineann le cuideachtaí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.entemp.ie *nó is féidir é a fháil ar láithreán gréasáin Thithe an Oireachtais* www.oireachtas.ie *nó ar láithreán gréasáin an Ard-Aighne* www.attorneygeneral.ie.

Caibidil 2 **Athchóiriú ar Dhlí Cuideachtaí**

An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta

Tá Coiste Iomlánach an Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta (CLRG) comhdhéanta de 26 comhalta, ina measc cleachtóirí dlí cuideachtaí, rialtóirí agus comhlachtaí ionadaíocha. Is é an Dr. Thomas B. Courtney, Comhpháirtí, Dlíodóirí Arthur Cox, an Cathaoirleach. Ba iad príomhghníomhaíochtaí an CLRG in 2008 a Thuarascáil Bhliantúil do 2007 a fhoilsiú agus a chlár oibre don tréimhse 2008/2009 a chur i bhfeidhm, mar a leagfaidh an tAire Trádála agus Tráchtála amach iad.

Bille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí

Cheadaigh Coiste Iomlánach an CLRG Scéim Ghinearálta Bhille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí i mí Eanáir 2007 agus cuireadh Tuarascáil an CLRG ar an Scéim Ghinearálta faoi bhráid an Aire Fiontair, Trádála agus Tráchtála a bhí ann ag an am, Micheál Martin, T.D. Foilsíodh an tuarascáil i mí Bealtaine 2007. Is féidir teacht ar théacs iomlán na Scéime Ginearálta, arna hullmhú ag an CLRG, chomh maith le Tuarascáil an CLRG, ar láithreán gréasáin an CLRG; **www.clrg.org**

Cheadaigh an Rialtas Scéim Ghinearálta Bhille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí, arna hullmhú ag an CLRG, lena dréachtú ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, an 25 Iúil 2007. Samhlaítear go ndéanfar dul chun cinn suntasach i dtreo chur i gcrích an dréachtaithe faoi dheireadh 2009.

Is éard a dhéanfaidh Bille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí na 13 Acht na gCuideachtaí atá ann faoi láthair, chomh maith le rialacháin eile agus le forálacha an dlí choitinn a bhaineann le cuideachtaí a ionchorprú agus a oibriú, a chomhdhlúthú in aon Acht amháin a bheidh comhdhéanta de thart ar 1263 alt. Mar achoimre, clúdaíonn na forálacha ionchorprú cuideachtaí, rialachas corparáideach, dualgais stiúrthóirí agus rúnaithe, ráitis airgeadais agus iniúchóirí, glacadóirí, atheagruithe agus scrúdaitheoireachtaí, díscaoiltí agus comhlíonadh agus forfheidhmiú. Cuirtear na forálacha le chéile ar bhealach soiléir a éascóidh do dhaoine gnó cuideachtaí a ionchorprú agus a oibriú ar bhonn laethúil.

Déanann an Bille dlí cuideachta nuachóiriú ar dhlí cuideachta chun cleachtas gnó nua-aimseartha a léiriú. Tá 90% de chuideachtaí in Éirinn inniu san fhoirm ‘cuideachta príobháideach teoranta ag scaireanna’, agus léireoidh an Bille é sin leis an gcéad chuid ag leagan amach na forálacha go léir a bhaineann leis an gcineál sin cuideachta. Sa dara chuid, leasaítear na forálacha don ‘chuideachta príobháideach’ do chineálacha eile cuideachtaí, lena n-áirítear cuideachtaí poiblí teoranta (PLCanna).

Tá sé mar aidhm ag an mBille an próiseas chun cuideachta a bhunú agus a oibriú a shimpliú faoi réir cosaintí sonracha do scairshealbhóirí agus do chreidiúnaithe. D’fhonn comhlíonadh leis an dlí a chur chun cinn agus d’fhonn infheisteoirí agus creidiúnaithe a chosaint, leagfaidh an Bille dualgais rialachais chorparáidigh stiúrthóirí, rúnaithe cuideachta, iniúchóirí, srl, amach go soiléir. Tabharfar mionsonraí

freisin faoi fheidhmeanna na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus Údarás Maoirseoireachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann. Tabharfaidh sé na forálacha a bhaineann le comhlíonadh agus forfheidhmiú le chéile, ar nós imscrúduithe cuideachta, orduithe comhlíonta agus cosanta, orduithe nochta, dícháiliú agus srianadh stiúrthóirí agus nithe a bhaineann le hionchúiseamh, le cionta agus le fianaise.

Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta 2008

Tá Tuarascáil an Ghrúpa do 2008 foilsithe agus beidh sí ar fáil le híoslódáil ar www.clrg.org in éineacht le Tuarascálacha roimhe seo.

Clár Oibre 2008/2009

Tá clár oibre fairsing de 15 mír ag an CLRG faoina chlár oibre do 2008/2009 chomh maith, mar a cuireadh ar aghaidh chuige ag an Aire Trádála agus Tráchtála. Tuairisceoidh an Grúpa Athbhreithnithe a chuid conclúidí don Aire i mí an Mhárta 2010.

Caibidil 3 Feidhmeanna Reachtúla an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta

Tá roinnt feidhmeanna reachtúla eile ag an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíoachta faoi Achtanna na gCuideachtaí. Tuairiscíonn Chaibidil seo ar chomhlíonadh na feidhmeanna sin in 2008.

Leanadh le hImscrúduithe Cuideachtaí faoi alt 34 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001

Tagraíonn sin d'imscrúduithe cuideachtaí a bhí ar bun nuair a chuaigh an tAcht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 i bhfeidhm agus a choimeád an tAire freagracht astu. Bhí an próiseas d'fhaisnéis agus de chúnamh ábhartha a chur ar fáil d'údaráis reachtúla iomchuí, ag eascairt ó na trí imscrúdú a bhí fágtha le déanamh, beagnach tugtha chun críche i rith 2008.

Cuideachtaí a fuair díolúine ó mhionsonraí stiúrthóirí a thaispeáint ar pháipéar ceannteidil

Deir alt 196 d'Acht na gCuideachtaí 1963 go bhfuil mionsonraí a bhaineann le stiúrthóirí le taispeáint ar gach litir ghnó de chuideachta. I ndálaí áirithe, is féidir díolúine a bhronnadh.

Léiríonn an Tábla seo an líon a fuair díolúine ó mhionsonraí a thaispeáint le cúig bliana anuas:

	2004	2005	2006	2007	2008
Cuideachtaí a fuair díolúine	0	3	2	5	3
Iarratais a diúltaíodh	4	4	9	4	8

Réamheolairí do Scéimeanna um Leathnú Gnó (BES)

Is é feidhm an Aire Fiontair, Trádála agus Tráchtála maidir le cistí BES a chinntiú go dtugann an réamheolaire agus an t-ábhar fógraíochta do chiste an fhaisnéis a theastaíonn ó infheisteoirí ionchasacha dóibh le gur féidir leo cinneadh oibiachtúil a dhéanamh agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le hinfheistiú i gciste faoi leith.

Faoi alt 5 den Acht um Chistí Infheistíochta Ainmnithe 1985, caithfidh an tAire Fiontair, Trádála agus Tráchtála téarmaí an réamheolaire agus an ábhair fógraíochta eile a cheadú agus tugann na Coimisinéirí Ioncaim aire do na gnéithe cánacha. Éilíonn an tAcht ó 1985 go gcaithfidh gach réamheolaire na ráitis seo a leanas a thabhairt go soiléir:

(i) maidir leis na rioscaí a bhaineann leis
(ii) nach mbeidh dliteanas ar bith ag baint leis an Aire

(iii) nach eascróidh aon cheart ar fhaoiseamh de bharr cheadú an Aire agus sin amháin
(iv) gur chóir d'infheisteoir ionchasach comhairle ghairmiúil a lorg sula suibscríobhann sé/sí le ciste.

Ar deireadh, is ar an infheisteoir atá an fhreagracht as bona fides chiste ar leith a mheasúnú.

Ceadaíodh seacht iarratas in 2008 mar seo a leanas:

Ainm	Méid an Chiste	Iontaobhaithe	Bainisteoir	Táille an Bhainisteora
Ciste BES Glas Simple.ie 2008	€500,000 (íosmhéid) €5m (uasmhéid)	IFG Trust Company Limited	BVP Investments Limited	**4%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
Ciste BES Pinnacle 2008	€2m (íosmhéid) €10m (uasmhéid)	IFG Trust Company Limited	Pinnacle Capital Partners Limited	**3.5%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
Ciste BES Bainistiú Rachmais Quintas 2008	€2m (íosmhéid) €10m (uasmhéid)	IFG Trust Company Limited	Quintas Wealth Management Limited	**3.5%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
Ciste BES Goodbody FGS 2008	€5m (íosmhéid) €12m (uasmhéid)	Goodbody Pensioneer Trustees Limited	Goodbody Alternative Investment Management Ltd.	**3.5%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
Ciste BES Davy 2008	€2m (íosmhéid) €15m (uasmhéid)	IFG Trust Company Limited	BES Management Limited	**3.5%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
Punann BES Cobhsaí ITC 2008	€2m (íosmhéid) €5m (uasmhéid)	IFG Trust Company Limited	Independent Trustee Company Limited	**4%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
Punann BES Dinimiciúil ITC Powerscourt 2008	€2m (íosmhéid) €7.5m (uasmhéid)	IFG Trust Company Limited	Independent Trustee Company Limited	**4%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta

Comhpháirtíochtaí Teoranta Infheishtíochta

Déanann an tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994 foráil do chineál de chomhscéim infheistíochta ar a dtugtar comhpháirtíocht teoranta infheistíochta a bhunú, a údarú agus a rialáil. Déanann sé foráil freisin go gcuirfidh an

Rialtóir Airgeadais tuarascáil bhliantúil maidir le cur i gcrích a chuid feidhmeanna faoin Acht faoi bhráid an Aire Fiontair, Trádála agus Tráchtála.

Ó tugadh an tAcht isteach, tá mar thoradh ar athruithe dinimiciúla sa mhargadh do chistí infheistíochta go bhfuil tionscnóirí agus infheisteoirí ag úsáid cineálacha eile d'fheithiclí infheistíochta atá ar fáil, seachas comhpháirtíochtaí teoranta infheistíochta a bhunú.

Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil na gCuideachtaí 2007 údaraíodh dhá chomhpháirtíocht faoin Acht sin ach aisghaireadh an dá údarú i rith 2007. Thuairisc Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann nár údaraigh sé aon chomhpháirtíochtaí nua in 2008.

Rúnaithe Chuideachtaí Poiblí Teoranta

Cuireann alt 236 d'Acht na gCuideachtaí 1990 dualgas ar stiúrthóirí PLC gach céim réasúnach a ghlacadh lena chinntiú go mbeidh eolas agus taithí leordhóthanach ag rúnaí na cuideachta chun feidhmeanna rúnaí arna leagan amach san Acht a chomhlíonadh. Déanann an t-alt foráil go bhféadfaidh an tAire comhlachtaí ábhartha a aithint chun críche an ailt. Tá Foras na Rúnaithe agus na Riarthóirí Cairte (ICSA) aitheanta mar sin ag an Aire. Níl sé éigeantach go mbeadh rúnaí PLC mar bhall de comhlacht aitheanta.

36,155 an líon iomlán comhalta a bhí san Institiúid ar fud an domhain amhail an 31 Iúil 2008.

	Ar fud an Domhain	**In Éirinn**
Comhlaigh agus Baill	36,155	609
Iarchéimithe*	2,187	73

Tabhair ar aird, le do thoil, nach féidir leis an Institiúid idirdhealú a dhéanamh idir Chomhlaigh agus Baill ar fud an domhain níos mó de bharr athruithe ar an tslí a bhailíonn sí na sonraí sin.

*ciallaíonn iarchéimí iarratasóir ar an nGairm a bhfuil na riachtanais oideachais curtha i gcrích aige/aici ach nach bhfuil na critéir eile comhlíonta acu lena meas le bheith ina mbaill.

Thuairisc an Institiúid nach bhfuarthas gearán ar bith maidir le haon comhalta i Réigiún na hÉireann in 2008 agus dá bharr sin nach ndearnadh aon ghníomh araíonachta.

Caibidil 4 Gníomhaireachtaí/Oifigí ag oibriú sa Réimse Dlí Cuideachta

Cuimsíonn an Chaibidil seo gníomhaíochtaí na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí a oibríonn sa réimse dlí cuideachta. Tá athruithe déanta ar leagan amach Thuarascáil na gCuideachtaí na bliana seo. Roimhe seo, cuimsíodh achoimre ar bhuaicphointí ghníomhaíochtaí na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí a oibríonn sa réimse dlí cuideachta sa tuarascáil seo. I mbliana, tá eolas mionsonraithe ar gach ceann de ghníomhaíochtaí na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO), Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE), Údarás Maoirseoireachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) agus Painéal Táthcheangail na hÉireann le fáil ina dtuarascálacha bliantúla agus tá naisc dhíreacha chuig na láithreáin ghréasáin tugtha thíos le gur féidir rochtain dhíreach a dhéanamh orthu. Tá tuarascálacha iomlána do Stocmhalartán na hÉireann agus do Euroclear UK & Ireland (EUI) tugtha in Aguisín 1 agus in Aguisín 2.

1. An Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO)

D'fhoilsigh an Cláraitheoir a Thuarascáil Bhliantúil féin ar láithreán gréasáin an CRO www.cro.ie. Tugann an CRO achoimre ar phríomhfhorbairtí 2008 sa nasc thíos:
http://www.cro.ie/en/downloads-corporate.aspx

2. Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE)

Chuir an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2008 de bhun alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 i láthair. Tá an Tuarascáil ar fáil sa nasc seo a leanas: (not live yet, Maria will enter on Thursday)

3. Údarás Maoirseoireachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA)

Faoin Alt 22 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchóireacht agus Cuntasaíocht) 2003, tá ar Údarás Maoirseoireachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire tráth nach déanaí ná 4 mí tar éis dheireadh bhliain airgeadais an IAASA agus a chur faoi bhráid Thithe an

Oireachtais tráth nach déanaí ná 6 mí tar éis dheireadh na bliana airgeadais. Tá fáil ar an Tuarascáil sa nasc seo a leanas: (due in May.)

4. Painéal Táthcheangail na hÉireann

Chuir Painéal Táthcheangail na hÉireann a aonú Tuarascáil Bhliantúil déag i láthair, de bhun Alt 19 d'Acht um Painéal Táthcheangail na hÉireann 1997. Tá an Tuarascáil, a chlúdaíonn an tréimhse ón 1 Iúil 2007 go dtí an 30 Meitheamh 2008, ar fáil ar an nasc seo a leanas: **http://www.irishtakeoverpanel.ie/annual_reports/Annual-Report-2008.pdf**

5. Stocmhalartán na hÉireann

Forálann alt 120 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 go gcuirfidh stocmhalartán aitheanta tuarascáil bhliantúil ar chomhlíonadh a fheidhmeanna faoi Cuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990 (Déileáil Chos Istigh) faoi bhráid an Aire Fiontair, Trádála agus Tráchtála. Rinne Rialacháin Drochúsáid Mhargaidh (Treoir 2003/6/EC) 2005 athsholáthar ar Chuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990, le héifeacht ón 6 Iúil 2005, sa tslí is go mbaineann sé le glacadh isteach nó le hiarratais ar ghlacadh isteach ar thrádáil ar mhargadh rialaithe. Tá riachtanas tuairiscithe ag an Stocmhalartán i gcónaí ar Dhéileáil Chos Istigh don Mhargadh IEX.

Chuir an Stocmhalartán na Tuarascálacha Bliantúla seo a leanas faoi bhráid an Aire de bhun na bhforálacha thuas luaite:

Tuarascáil Bhliantúil de bhun Cuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990
Tuarascáil Bhliantúil de bhun Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glacadh ar Liostuithe agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007

Féach Aguisín 1 don Tuarascáil le do thoil

6. Euroclear UK & Ireland (EUI)

Déanann Acht na gCuideachtaí 1990, Rialacháin (Urrúis Neamhdheimhnithe), 1996 (I.R. Uimh. 68 de 1996) foráil do chóras socraíochta scaireanna leictreonach. Tá an córas, ar a dtugtar CREST, atá faoi úinéireacht agus faoi oibríocht CRESTCo Ltd, i bhfeidhm ó mhí Iúil 1996, ag socrú urrús Éireannach ó mhí Dheireadh Fómhair 1996. Athraíodh an t-ainm dlíthiúil agus oibríochta ó CRESTCo Limited go dtí Euroclear UK & Ireland Limited (EUI) an 1 Iúil. Céim nádúrtha a bhí ansin, agus tharla sé cúig bliana tar éis an chumaisc idir CRESTCo agus Euroclear SA/NV, agus tar éis gur seoladh an

tInneall Socraíochta Aonair sa bhliain 2006. Chomh maith leis sin, tugadh Bord EUI ar Bhord CRESTCo, cé go raibh na baill Boird céanna agus na freagrachtaí maoirseachta céanna aige.
Tá a Thuarascáil Bhliantúil curtha faoi bhráid an Aire ag EUI de bhun alt 34 thuas.

Féach Aguisín 2 don Tuarascáil, le do thoil.

Aguisín 1 Stocmhalartán na hÉireann

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2008, DON AIRE FIONTAIR, TRÁDÁLA AGUS TRÁCHTÁLA DE BHUN CUID V D'ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 1990

CUID V, ACHT NA GCUIDEACHTAÍ, 1990

1. Cúlra

1.1 Cruthaíonn Cuid V d'Acht na gCuideachtaí, 1990 (an tAcht) cion de Dhéileáil Chos Istigh, agus déanann foráil do smachtbhannaí coiriúla agus sibhialta i ndáil le Cuid V a shárú.

1.2 Cuireann Alt 115(1) den Acht, mar a leasaíonn an tAcht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2002 é, dualgas reachtúil ar údarás ábhartha stocmhalartáin aitheanta tuarascáil a chur faoi bhráid an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, sa chás go ndealraíonn sé dó go ndearnadh cion faoi reachtaíocht.

1.3 Is stocmhalartán aitheanta é Stocmhalartán na hÉireann, chun críocha Cuid V den Acht. Faoi Alt 107 den Acht sainmhínítear údarás ábhartha mar: -

(a) A bhord stiúrthóirí, a choiste bainistíochta nó comhlacht bainistíochta eile, nó

(b) A bhainisteoir, i gcibé slí a ndéantar cur síos air.

1.4 Éilíonn alt 120 den Acht ar Stocmhalartán na hÉireann, mar stocmhalartán aitheanta, Tuarascáil Bhliantúil a dhéanamh leis an Aire Fiontair, Trádála agus Tráchtála. Ní mór go mbeadh san áireamh sa tuarascáil sin:

(a) an líon gearán scríofa a fuarthas maidir le sáruithe féidearthacha ar Chuid V,

(b) an líon tuarascálacha déanta don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi Chuid V,

(c) an líon uaireanta nach ndearnadh tuarascálacha don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, tar éis do dhaoine údaraithe faoi Chuid V cumhachtaí a fheidhmiú, agus

(d) aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith forordaithe.

1.5 Achtaíodh na Rialacháin Drochúsáide Mhargaidh (Treoir 2003/6/EC) 2005 an 6 Iúil 2005. Mar thoradh air sin, tá na hurrúis a dtrádáiltear ar Phríomh Mhargadh an Stocmhalartáin laistigh de scóip na Rialachán um Drochúsáid Mhargaidh agus tá feidhm ag Cuid V le trádáil in urrúis Éireannacha a tharla roimh an 6 Iúil 2005 agus trádáil tar éis and dáta sin in urrúis Éireannacha arna dtrádáil ar mhargadh Malartán Fiontraíochta na hÉireann (IEX) an Stocmhalartáin agus sin amháin. Ó tugadh isteach Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaidh in Ionstraimí Airgeadais) 2007 an 1 Samhain 2007, tá sé d'oibleagáid ar an Stocmhalartán faoi Alt 67 (2) de na Rialacháin sin iompar a bhféadfadh drochúsáid mhargaidh a bheith mar chuid de i ndáil le hurrúis IEX a chur in iúl don Rialtóir Airgeadais.

2. Nádúr an Phróisis Imscrúdaithe

Go dtí an 6 Iúil 2005 ba iad daoine údaraithe faoi Alt 117 den Acht a rinne imscrúdú ar sháraithe féideartha ar Chuid V, agus is amhlaidh atá sé maidir le hurrúis IEX. Faoi na Rialacháin Drochúsáide Margaidh tá cumhachtaí áirithe tairmligthe ag an Rialtóir Airgeadais (FR) chun an Stocmhalartán d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar chásanna drochúsáide margaidh a bhfuiltear in amhras fúthu (lena n-áirítear déileáil chos istigh). Is ábhar don FR anois é an t-údarás cinnteoireachta i ndáil le saincheisteanna drochúsáide margaidh agus na hoibleagáidí tuairiscithe i ndáil le gníomhaíocht arna ndéanamh faoi na Rialacháin Drochúsáide Margaidh.

I gcomhthéacs Chuid V, déanann daoine údaraithe pleanáil, feidhmiú agus tuairisciú ar thorthaí a gcuid imscrúduithe i gcomhar le húdarás ábhartha ón Stocmhalartán, an Príomhfheidhmeannach go hiondúil. Tuairiscítear gach cás óna n-eascraíonn oibleagáid tuairiscithe faoi Alt 115 den Acht chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach chomh luath agus is praiticiúil i ndiaidh chur i gcrích an imscrúdaithe.

Bíonn éagsúlacht ar nádúr beacht an phróisis imscrúdaithe ag brath ar na mionsonraí faoi leith a bhaineann le gach cás. Tá an próiseas imscrúdaithe leagtha amach, áfach, leis na nithe seo a leanas a chinntiú:

- Athbhreithniú iomlán ar na fíricí go léir a bhaineann leis an imscrúdú,

- Go dtugtar aird chuí ar chearta aon duine faoi amhras ar nósanna imeachta córa,

- Slabhra fianaise iomlán a chur le chéile d'fhonn tuairisciú cuimsitheach chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chinntiú, má theastaíonn sin.

Ina theannta sin, iarrtar saintuairim neamhspleách ó speisialtóirí tionscail agus/nó ó chomhairleoirí dlí má éilíonn imthosca chás faoi leith é sin.

3. Tuarascáil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

3.1 Faoi réir a oibleagáidí faoi Alt 120 den Acht, tuairiscíonn Stocmhalartán na hÉireann chuig an Aire i ndáil lena ghníomhaíochtaí i rith 2008, mar seo a leanas:

(a) Ní bhfuarthas aon ghearán scríofa maidir le sáruithe líomhnaithe ar Chuid V den Acht.

(b) Ní dhearna an Bord nó an Príomhfheidhmeannach, ina gcáileanna mar Údaráis Ábhartha faoi Chuid V den Acht, aon tuarascáil, chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach i ndáil le cion amhrasta.

(c) D'fheidhmigh daoine údaraithe cumhachtaí reachtúla i ndáil le himscrúdú amháin ar sháruithe amhrasta ar Chuid V. Bhí an t-imscrúdú sin fós ar siúl ag deireadh 2008.

(d) Níl aon eolas eile forordaithe ag an Aire faoi Alt 120(1)(d).

TUARASCÁIL CHUIG AN AIRE FIONTAIR, TRÁDÁLA AGUS TRÁCHTÁLA DE BHUN ALT 10 DE RIALACHÁIN NA GCOMHPHOBAL EORPACH (GLACADH ISTEACH AR LIOSTÚ AGUS FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) 2007, TUARASCÁIL DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

RIALACHÁIN NA GCOMHPHOBAL EORPACH (GLACADH ISTEACH AR LIOSTÚ AGUS FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) 2007

1. <u>Réamhrá</u>

Aisghaireadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Stocmhalartán) 1984 (I.R. Uimh. 282 de 1984) i rith 2007 agus rinne Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glacadh Isteach ar Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 (I.R. Uimh. 286 de 2007) ("na Rialacháin") athsholáthar orthu. Cuireann na Rialacháin an Treoir um Ghlacadh Isteach agus Tuairisciú Comhdhlúite (2001/34EC) ("an Treoir") i bhfeidhm i ndlí na hÉireann. Ceapann na

Rialacháin Stocmhalartán na hÉireann mar an tÚdarás Inniúil chun críche na Treorach agus éilíonn siad go gcuirfidh sé Tuarascáil Bhliantúil ar fheidhmiú a fheidhmeanna mar Údarás Inniúil faoi bhráid an Aire Fiontair agus Fostaíochta.

Cuireann Bord Stocmhalartán na hÉireann Teoranta (an "Bord") an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil is fichead ar fheidhmiú a fheidhmeanna mar Údarás Inniúil sa Stát le linn 2008 i láthair leis seo, de réir Alt 10, Ailt (a) go dtí (e) de na Rialacháin. Ar mhaithe le iomláine, tá faisnéis i ndáil le Malartán Fiontraíochta na hÉireann ("IEX"), a thiteann lasmuigh de scóip na Rialachán, curtha san áireamh sa tuarascáil seo.

2. Na Rialacháin

Ginearálta

Le linn 2008 lean an Bord ar aghaidh ag comhlíonadh feidhmeanna Údaráis Inniúil, mar atá leagtha amach sna Rialacháin. Sa tréimhse sin, bhí príomhfheidhmeanna Údaráis Inniúil an Bhoird tairmligthe chuig an gCoiste Liostaithe Cothromais agus IEX, an Coiste Liostaithe Fiachas, an Coiste Liosaithe Cistí Infheistíochta agus Feidhmeannas Stocmhalartán na hÉireann.

Le linn 2008, chuir Stocmhalartán na hÉireann na coinníollacha do ghlacadh isteach ar Liostú Oifigiúil i bhfeidhm, de réir na Treorach.

Éilíonn na Rialacháin go dtabharfaí aghaidh ar na riachtanais sonracha seo a leanas:

(a) Leasuithe ar Rialacha Liostaithe nó Athchóirithe ar na Nósanna Imeachta

Ní dhearnadh athchóiriú ar Rialacha Liostaithe Stocmhalartán na hÉireann i rith 2008, seachas i ndáil le cistí infheistíochta. Tá cóip de na riachtanais athchóirithe do chistí infheistíochta faoi iamh leis seo.

(b) Nádúr na n-urrús go léir a nglactar isteach ar Liostú Oifigiúil agus ar Mhalartán Fiontraíochta na hÉireann ("IEX").

Glacadh roinnt cineálacha urrús isteach ar Liostú Oifigiúil agus ar IEX i rith 2008 mar seo a leanas:

(i) Stáit agus a n-údarás réigiúnach nó áitiúil

Glacadh dhá bhanna nua de chuid Rialtas na hÉireann isteach ar an Liosta Oifigiúil i rith 2008.

Cuideachtaí agus eisitheoirí seachas Stáit eile agus a n-údarás réigiúnach nó áitiúil.

Is éard a bhí sna hurrúis a glacadh isteach ghnáth-eisiúintí caipitiúla de chuideachtaí Éireannacha agus coigcríche lenar áiríodh cothromais, ús seasta, stoc iasachta, stoc tosaíochta, bintiúir, cineálacha éagsúla urrúis iasachta, UCITS agus cistí infheistíochta.

Tá na hurrúis sin go léir aran glacadh isteach ar Liostú Oifigiúil agus ar IEX liostaithe in Aguisín I leis an tuarascáil seo.

(c) Diúltú aon iarratas ar ghlacadh isteach ar Liostú Oifigiúil agus ar IEX

Níor diúltaíodh aon iarratas ar ghlacadh isteach ar an Liosta Oifigiúil nó ar IEX in 2008.

(d) Fionraíocht nó scor aon Liostú Oifigiúil nó IEX

Seachas dhá urrús Rialtais a tháinig in aibíocht in 2008, tá na hurrúis ar cuireadh a liostú ar fionraí nó ar ceal i rith na tréimhse leagtha amach in Aguisín II.

(e) Aon socruithe speisialta a ndearnadh le Ballstáit eile de bhun Alt 13 na Treorach

B'éigean comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh leis an Údarás Inniúil sa Ríocht Aontaithe i rith na tréimhse faoi athbhreithniú maidir le hurrúis Éireannacha liostaithe ar Liosta Oifigiúil an Údaráis Seirbhísí Airgeadais ("FSA"). Tá caidreamh comhchosúil coinnithe ag Stocmhalartán na hÉireann leis an FSA mar a bhí ann I rith na bliana roimhe sin.

Níor eascair aon imthosca eile a d'éiligh socruithe speisialta nó comhoibriú leis na hÚdaráis Inniúla i mBallstáit eile.

Aguisín 2 Euroclear UK & Ireland (EUI)

Ginearálta

D'fhonn úsáid an chórais EUI a éascú, ar a dtugtar an córas CREST freisin, chun socraíocht a dhéanamh ar urrúis Éireannacha a shocrú, rinne an tAire Stáit ag an Roinn Fiontair agus Fostaíochta Rialacháin 1996 (Urrúis Neamhdheimnithe) Acht na gCuideachtaí, 1990. Mar choinníoll forlíontach i gcomhair aitheantais, d'éiligh an tAire go gcuirfí Tuarascáil Bhliantúil i láthair maidir le gníomhaíochtaí mhargadh na hÉireann sa chóras EUI. Is éard atá sa pháipéar sin Tuarascáil Bhliantúil Euroclear UK & Ireland don dá mhí dhéag dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Achoimre ar 2008

Lean an luaineacht a bhí le braith i margadh cothromais na Ríochta Aontaithe in 2007 ar aghaidh le linn 2008, agus bhí roinnt laethanta ar bhuaicphointe nach bhfacthas riamh cheana, cé go raibh an líon iomlán níos ísle ná in 2007 ag thart ar 284,000 in aghaidh an lae nó os cionn 72 milliún idirbheart don bhliain go léir. £0.9 trilliún a bhí sa mheánghluaiseacht airgid tirim laethúil agus £1.4 trilliún sa mheánghluaiseacht stoic laethúil.

Bhí líon níos ísle moilleanna córais idirlae ann in 2008. Thug torthaí an tsuirbhé bhliantúil ar chliaint le fios go raibh cliaint sásta le láimhseáil agus cumarsáid maidir leis na himeachtaí sin. Ag féachaint ar aghaidh, i mí Feabhra 2009, déanfaimid uasghrádú ollmhór ar an gcrua-earraí ríomhaire EUI Tandem atá ann faoi láthair, chun feidhmíocht níos fearr a thabhairt isteach chomh maith le hacmhainneacht níos fearr déileáil le luaineacht in idirbhearta agus le buaiceanna ar mhéideanna socruithe laethúla.

Cé go bhfuil go leor gníomhaíochtaí forbartha seirbhíse dírithe ar aidhmeanna straitéiseacha na todhchaí maidir le comhdhlúthú ardán córais ar feadh Taiscí Urrúis Lárnacha (CSDanna) Euroclear, táimid ag leanúint ar aghaidh ag forbairt an córais EUI, CREST.

I mí Eanáir 2008, eisíodh bogearraí chun SIS x-clear a thabhairt isteach mar chontrapháirtí lárnach malartach (CCP) chun trádálacha Córais Trádála Stocmhalartáin LSE (SETanna) a ghlanadh. Bhí an tsaoráid sin díomhaoin go dtí mí na Nollag 2008 ar iarratas na bpáirtithe ábhartha agus chuaigh sé i bhfeidhm ansin. Seoladh breis bogearraí, chun athrú ar an reachtaíocht d'fhaoiseamh dleachta stampála na hÉireann a ríomh, i mí Eanáir 2008.

I mí Aibreáin 2008 tharraing Banc Shasana (BoE) siar ó sheirbhísí íocaíochta euro an Bhainc Ceannais a chur ar fáil. Tá socraíocht ainmnithe sa euro laistigh den chóras EUI á cur ar fáil ag an mBanc Ceannais & Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (CBFSAI).

Sa tríú ráithe de 2008, sheol an EUI an tseirbhís Ionaid Trádála agus Contrapháirtithe Lárnacha (CCPanna) Ar Éileamh, a chuireann deireadh leis an ngá le heisiúint

bogearraí gach uair gur mian le hionad trádála nó CCP nua rochtain a dhéanamh ar an gcóras EUI. Tá ceithre Shaoráid Trádála Iltaobhacha ag nascadh leis an gcóras EUI anois. Ina theannta sin, cuireadh tionscadal i bhfeidhm chun cineálacha teachtaireachta de chuid Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) atá ann cheana féin agus chun feidhmiúlacht ionchuir dírigh d'idirbhearta cistí frithpháirteacha de chuid na Ríochta Aontaithe a shocrú le hairgead tirim, a úsáid.

D'fhonn clúdach teachtaireachta ISO an EUI a fheabhsú agus chun riachtanais an chláir Chomhéadan Comhchumarsáide Euroclear (CCI) a chomhlíonadh, chuir an tionscadal ISO Scalability feabhsúcháin ar fáil chun tuilleadh teachtaireachtaí ISO trí CREST agus tuilleadh roghanna ó thaobh teachtaireachtaí do chliaint a chumasú.

Fuair Euroclear Group an Taisclann Urrús Lárnach Nordach (NCSD) agus a fochuideachtaí, CSDanna na Fionlainne agus na Sualainne (APK agus VPC), amhail an 31 Deireadh Fómhair 2008. Cuirfidh an ceannachán sin níos mó le buntáistí chomhdhlúthú infrastruchtúir socraíochtaí iar-trádála na hEorpa.

An Córas EUI

Tugadh an córas EUI isteach sa bhliain 1996 agus tá sé leagtha amach leis an méid seo a leanas a sholáthar:

- Socraíocht i bhfíor-am do raon urrús corparáideach agus rialtais (ó 2000) agus ionstraimí margaidh airgid (ó 2003), lena n-áirítear iad sin arna dtrádáil ar Stocmhalartán Londain (LSE), Stocmhalartán na hÉireann, SWX na hEorpa, Saoráidí Trádála Iltaobhacha agus scaireanna éagsúla sa Eurotop 300, innéacsanna NASDAQ 5000 agus S&P 500, chomh maith le roinnt cistí a dtrádáiltear ar mhalartáin iad, trí mheicníocht aistrithe leabhair, agus
- An cumas urrúis a choimeád i bhfoirm leictreonach dí-ábharaithe, taifeadta mar iarméideanna sa chóras EUI. Is ar bhonn dheonach a bhíonn rannpháirteacht sa chóras EUI. Féadfaidh infheisteoirí nó daoine a thrádálann urrúis roghnú cibé an mbeidh siad ina mbaill den chóras EUI agus a gcuid urrús a choimeád i gcuntais leictreonacha coinnithe laistigh den chóras EUI. Aistríonn baill teideal ar a gcuid urrús trí threoracha leictreonacha a chur isteach sa chóras thar líonraí daingne a bunaíodh go sonrach chun na críche sin. Is iad soláthróirí líonraí tríú páirtí (SWIFT, BT agus Stocmhalartán Londain[1]) agus ní an EUI a chuireann na líonraí sin ar fáil; is é ról an EUI na soláthróirí a chreidiúnú in aghaidh sraith sonraíochtaí teicniúla. (Chuir Stocmhalartán Londain deireadh lena sholáthar de sheirbhísí líonra ag deireadh mhí na Nollag 2008.) Déanann an córas treoracha a chuirtear isteach tríd an modh sin a mheaitseáil lena chinntiú go gcomhaontóidh na príomhghnéithe a chuireann an ceannaitheoir agus an díoltóir isteach.

  Ag pointe socraíochta idirbhirt:

- Cuirtear urrúis an idirbhirt de dhochar chuntas an díoltóra agus cuirtear chun sochar chuntas an cheannaitheora iad.

[1] Tugadh creidiúnú do Stocmhalartán Londain le haighaidh treoracha teachtaireachta formáide dílsithe de chuid córas an EUI a iompar ar a infrastruchtúr líonra, ach níor tugadh creidiúnú dó trácht ISO15022 a iompar.

- Rinne an córas EUI agus Banc Shasana socraíocht steirling tríd an gcóras EUI a nascadh le híocaíochtaí idir-bhainc trí RTGS ar bhonn fíor-ama, ionas go mbíonn seachadadh stoic tríd an gcóras EUI comhuaineach le haistriú cistí steirling in RTGS. Ó mhí Aibreáin 2008, tháinig Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (CBFSAI) in áit Banc Shasana chun leachtacht an euro a sholáthar. Soláthraíonn an CBFSAI leachtacht an euro ar an GUI via an fheidhmiúlacht coigeartaithe leachtachta.
- Maidir le hurrúis atá incháilithe d'aistriú teidil leictreonach (go bunúsach, urrúis arna gclárú sa Ríocht Aontaithe), tabharfaidh an córas EUI teideal dlíthiúil iomlán ar urrúis na Ríochta Aontaithe ón aistreoir go dtí an t-aistrí.
- Maidir le hurrúis nach bhfuil incháilithe don ETT (lena n-áirítear urrúis Éireannacha), ginntear treoir a éilíonn ar an gcláraitheoir an clár a leasú i ndáil le haistriú. Aistrítear teideal dlíthiúil nuair a thugtar an clár cothrom le dáta.

Déanann bainc shocraíochta agus cláraitheoirí araon caidreamh leis an gcóras EUI chun na críche sin.

Euroclear UK & Ireland Limited: Úinéireacht agus Rialachas

I mí na Samhna 2002, chuaigh CRESTCo Limited isteach mar fhochuideachta faoi lán-úinéireachta Euroclear Bank SA/ NV i ndiaidh an idirbhirt lenar bhain CRESTCo Limited agus Euroclear Plc i mí Mheán Fómhair 2002. Ó mhí Eanáir 2005, rinneadh athstruchtúrú ar an ngrúpa Euroclear, le CRESTCo Limited mar fho-chuideachta faoi lán-úinéireachta Euroclear SA/ NV. Athraíodh ainm dlíthiúil agus oibríochta CRESTCo Limited go dtí Euroclear UK & Ireland Limited an 1 Iúil 2007. Oibríonn Euroclear UK & Ireland Limited córas an EUI. I gcomhthéacs na tuarascála 2008 seo, tá grúpa cuideachtaí Euroclear (grúpa Euroclear) comhdhéanta de Euroclear SA/NV agus a fhochuideachtaí oibriúcháin – Euroclear Bank, Euroclear UK & Ireland, Euroclear France, Euroclear Nederland, Euroclear Belgium, Euroclear Finland (ó mhí na Samhna 2008), Euroclear Sweden (ó mhí na Samhna 2008) agus EMXCo.

Is le Euroclear SA/NV ardáin phróiseála urrús roinnte an ghrúpa agus soláthraíonn sé raon seirbhísí chuig Taisclanna Úrrús Lárnacha (Idirnáisiúnta) an ghrúpa ((I)CSDs) agus chuig EMXCo. Is comhchuideachtaí iad Euroclear Bank, Euroclear UK & Ireland, Euroclear France, Euroclear Nederland, Euroclear Belgium, Euroclear Finland, Euroclear Sweden agus EMXCo, gach ceann acu faoi úinéireacht Euroclear SA/ NV, atá faoi úinéireacht Euroclear Plc é féin.
Tá Bord Stiúrthóirí an EUI comhdhéanta d'ionadaithe ón EUI agus ó Euroclear SA/NV, agus áirítear air beirt stiúrthóirí neamhspleácha. Mar seo a leanas na stiúrthóirí a bhí ann amhail an 31 Nollaig 2008:

Tim May (Cathaoirleach)	EUI
Yannic Weber	EUI
Richard Crews	EUI
John Trundle	Euroclear SA/NV
Yves Poullet	Euroclear SA/NV
Herschel Post	Neamhspleách
Mike Williams	Neamhspleách

Fo-Choistí Boird Euroclear UK & Ireland

Tá roinnt fochoistí ag Bord an EUI agus tá an bhallraíocht comhdhéanta de dhaoine a tugadh isteach ó lasmuigh den Bhord féin.
Bíonn na hionadaithe seo a leanas de chuid mhargadh na hÉireann rannpháirteach san Fho-Choiste Araonaíochta Socraíochta:

Brian Healy, Stocmharartán na hÉireann, 28 Sráid Anglesea, Baile Átha Cliath 2
Graham O'Brien, NCB Stockbrokers Ltd, 3 Duga Sheoirse, Baile Átha Cliath 1
Oibleagáidí Euroclear UK and Ireland
Tá oibleagáidí an EUI leagtha amach sna comhaontais a dhéanann sé lena Úsáideoirí agus lena Rannpháirtithe. Go bunúsach (mar achoimre gearr), tá oibleagáid air na seirbhísí socraíochta arna mionsonrú i lámhleabhar CREST a sholáthar. Leagann an lámhleabhar CREST an fheidhmiúlacht i gcóras an EUI amach, agus tá sé ar fáil ó láithreán gréasáin an EUI (www.euroclear.co.uk).
Rannpháirteacht na hÉireann i gcóras an EUI

Stocmhalartán na hÉireann

Tá comhaontú déanta ag an EUI le Stocmhalartán na hÉireann, inar cheap an Stocmhalartán an EUI chun seirbhísí socraíochta a chur ar fáil, agus tá Meabhrán Tuisceana eatarthu, faoinar chomhaontaigh an dá chomhpháirtí eolas a mbeadh chomh spéisiúil nó chomh tábhachtach céanna don dá thaobh, a roinnt lena chéile.

Urrúis Éireannacha

Amhail an 31 Nollaig 2008 bhí 210 urrús Éireannach ar fáil lena socrú i gcóras an EUI.

Rannpháirtithe na hÉireann

Bhí na comhlachtaí Éireannacha seo a leanas ina Rannpháirtithe de chóras an EUI amhail an 31 Nollaig 2008:
Is Bróicéirí atá lonnaithe in Éirinn agus atá ina Rannpháirtithe de chóras an EUI iad seo a leanas:

- Bloxham Stockbrokers*
- Campbell O'Connor
- Davy Stockbrokers
- Dolmen Stockbrokers*
- Fexco Stockbroking
- Goodbody Stockbrokers*
- Merrion Capital Group
- NCB Stockbrokers**

* D'úsáid Pershing (Ireland) Ltd mar fhoinse allamuigh dá bpróiseáil socraíochta.
** Thosaigh ag úsáid Societe Generale chun próiseáil socraíochta a dhéanamh do chuid dá ghnó go deireanach in 2006

Cumhdaitheoirí lonnaithe in Éirinn ar Bhaill de chóras an EUI iad:

- Seirbhísí Urrús Bhainc-Aontas Éireann
- Seirbhísí Urrús Bhanc na hÉireann

Nóta: ní cuideachta Éireannach é Citibank ach oibríonn sé laistigh den Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta. Tá ionadaithe ag Northern Trust agus ag Merrill Lynch i margadh na hÉireann chomh maith.

Clárítheoirí lonnaithe in Éirinn ar Chláraitheoirí de chuid chóras an EUI iad

- Computershare (Ireland)
- Kerry Group plc
- Capita Corporate

Bainc Socraíochta an Euro

Faoi láthair níl aon bhanc Éireannach ag tacú le socraíocht i gcóras an EUI. Níor roghnaigh siad dul isteach sa tseirbhís Seachadadh versus Íocaíocht in Airgead an Bhainc Ceannais, a eisíodh an 26 Samhain 2001.

Grúpaí Idirchaidrimh Chóras an EUI

Tá Euroclear ina chathaoirleach ar shraith grúpaí idirchaidrimh agus páirtithe oibre d'fhonn comhairliúchán agus díospóireacht a dhéanamh ar nithe faoi leith atá ina n-ábhair spéise do cheantair éagsúla laistigh de thionscal na n-urrús.
Ag tráth an chomhcheangail le CRESTCo Limited, chomhaontaigh Euroclear Coistí Comhairleacha Margaidh (MACanna) a bhunú i ngach tír ina bhfeidhmíonn sé mar thaisclann lárnach urrús nó mar chóras socraíochta lárnach. Is é cuspóir na MACanna feidhmiú mar an chéad fhoinse comhairliúcháin idir an grúpa Euroclear agus pobail na n-úsáideoirí ar nithe suntasacha a bhaineann lena margaí baile faoi seach. Déantar an próiseas comhairliúcháin seo le bainistíocht Euroclear. Roghnaíonn an margadh baill na MACanna agus ceadaíonn Bord Euroclear SA/NV iad.
Bhí baill Éireannacha de chóras an EUI rannpháirteach sna grúpaí idirchaidrimh agus sna grúpaí oibre seo a leanas amhail an 31 Nollaig 2008:

Grúpa Idirchaidrimh nó Grúpa Oibre	**Ionadaithe Éireannacha**
Coiste Comhairleach Margaidh na hÉireann (MAC)	Brian Healy – Cathaoirleach (Stocmhalartán na hÉireann) Eileen Kelly (Goodbodys Stockbrokers) Eamonn Doyle (Davy Stockbrokers) Graham O'Brien (NCB Stockbrokers) Emer Nolan (Seirbhísí Urrús Bhanc na hÉireann) Graham Shuttlewood (Royal Bank of Scotland) Pat O'Donoghue (Capita Corporate Securities) Albert Farrell (Bastow Charlton) Helen Young (An Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann)

	Mary Farrell (An Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann) Paul Shiels (Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta) Donald Halligan (Computershare) Kevin Petley (Stocmhalartán na hÉireann) Yannic Weber (Euroclear) – Idirchaidreamh Euroclear
Grúpa Oibre Socraíochta	Kevin Petley (Stocmhalartán na hÉireann)
Grúpa Oibre Cumhdaigh	Liz Molloy (Seirbhísí Urrús Bhanc na hÉireann)
Grúpa Oibre Cánachais	Joe Moloney (Computershare Investor Services (Ireland) Ltd)
Grúpa Oibre Eisitheoirí	John Burns (AIB) Conor Ryan (Irish Life and Permanent)
Grúpa Idirchaidrimh Bróicéirí Miondíola	Kevin Petley (Stocmhalartán na hÉireann)
Grúpa Idirchaidrimh na nInfheisteoirí Gairmiúla	Níl ionadaíocht ó chumhdaitheoir Éireannach ar bith faoi láthair

Rialacha CREST

Caighdeáin Seirbhísí Chláraitheoirí

Níl urrúis Éireannacha incháilithe don phróiseas Aistriú Teidil Leictreonach, agus dá bharr sin níor tháinig aon athruithe ar rialacháin na hÉireann. Tá mionsonraí ar fáil i riail 5 den chuid Rialacha Crest sa lámhleabhar CREST, atá ar fáil ón gcuid Faisnéise de láithreán gréasáin an EUI (www.euroclear.co.uk).

Tá na Caighdeáin i bhfeidhm go hiomlán ó mhí Mheán Fómhair 1997. Le linn 2008, thabhaigh cláraitheoirí na hÉireann pionós comhiomlán níos lú ná £100, agus mar sin níor gearradh pionós orthu.

Rialacha Araíonachta Socraíochta

Ar iarratas ón margadh, oibríonn an EUI an córas araíonachta socraíochta. Déanann an Coiste Araíonachta Socraíochta (SDC), a oibríonn faoi théarmaí tagartha faoi leith, monatóireacht ar chóras chun éifeachtúlacht socraíocht urrús na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i gcóras an EUI a fheabhsú. Tá an SDC comhdhéanta go hiomlán de chleachtóirí margaidh agus cuireann sé fineálacha arna leagan síos ag an margadh i bhfeidhm.

Tá mionsonraí i riail 6 de chuid Rialacha CREST de lámhleabhar CREST atá ar fáil ón gcuid Faisnéise de láithreán gréasáin an EUI (www.euroclear.co.uk).

Níl margadh na hÉireann ionadaithe ar an gComhlacht Achomhairc faoi láthair.

Rialacha maidir le Droch-Sheachadadh

Éilíonn Alt 19(a)(ii) den Sceideal le Rialacháin 1996 (Urrúis Neamhdheimhnithe) Acht na gCuideachtaí 1990 ar chóras an EUI rialacha a bheith aige a bhaineann le

cásanna ina bhfuil cláraitheoir neamhábalta aistriú a chlárú mar fhreagairt ar threoir ar chlárú ó chóras an EUI i gceann de na cásanna (an-teoranta) arna sonrú i Rialachán 16 (a bhaineann le horduithe cúirte srl).
Tá mionsonraí i riail 12 de chuid Rialacha CREST de lámhleabhar CREST atá ar fáil ón gcuid Faisnéise de láithreán gréasáin an EUI (www.euroclear.co.uk).
Níor cuireadh na nósanna imeachta freaschuir i bhfeidhm i ndáil le hurrús Éireannach i rith 2008.

Athruithe ar na Rialacha CREST

An 14 Aibreán 2008 an tráth is déanaí ar tugadh na Rialacha CREST cothrom le dáta.

Gníomhartha Corparáideacha

Próiseáladh Tairiscint Oscailte Waterford Wedgewood i mí Mheán Fómhair 2008. Níor bhailigh an chuideachta an méid airgid a rabhthas ag súil leis agus cuireadh i Riarachán iad beagán i ndiaidh dheireadh na bliana (05 Eanáir 2009).

Cúrsaí na hEorpa

An Treoir um Chríochnaitheacht Socraíochta

Cuireadh Treoir 98/26/EC de chuid Parlaimint na hEorpa (an Treoir um Chríochnaitheacht Socraíochta) i bhfeidhm i ndlí na hÉireann i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Críochnaitheacht Socraíochta i gCórais Íocaíochta agus Socraíochta Úrrús), 1998 (I.R. Uimh. 539 de 1998), ("na Rialacháin Chríochnaitheachta Socraíochta") an 31 Nollaig 1998. Déanann na Rialacháin Chríochnaitheachta Socraíochta foráil d'ainmniú uathoibríoch comhlachtaí ar "chórais íocaíochta" iad de réir mhíniú chuid 5 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997. Is córas íocaíochta é córas an EUI chun críocha Acht an Bhainc Ceannais, 1997 agus dá bharr sin, is córas ainmnithe é de bhun na Rialachán Críochnaitheachta Socraíochta. Mar sin, tá de bhuntáiste ag aistrithe urrús Éireannach trí chóras an EUI go mbíonn siad cosanta ag na Rialacháin Chríochnaitheachta Socraíochta.
Tá mionsonraí i riail 13 de chuid Rialacha CREST de lámhleabhar CREST atá ar fáil ón gcuid Faisnéise de láithreán gréasáin an EUI (www.euroclear.co.uk).

Naisc idir Córais Socraíochta Eile

Cuireann an EUI socraíocht trádála agus taifeadadh sócmhainní ar fáil do raon urrús de chuid Mheiriceá, Cheanada, na hEorpa agus na hAstráile, trí naisc le Euroclear Bank, SegaInterSettle AG (SIS) agus le DTCC.

Mar thoradh air sin, tá infheisteoirí Éireannacha ábalta raon leathan urrús ón Eoraip agus ó Mheiriceá Thuaidh a choinneáil agus a shocrú ina gcuntais chórais EUI.

Táillí agus Taraifí Euroclear UK & Ireland

Tá mionsonraí maidir le taraifí ar fáil ón gcuid Faisnéise de láithreán gréasáin an EUI (www.euroclear.co.uk).

Seol fiosrúchán ar bith maidir leis an tuarascáil seo go dtí:
Alison Thomas
Head of Control
Euroclear UK & Ireland
33 Cannon Street
London EC4M 5SB
Teil: (0044) 20 7849 0024
Faics: (0044) 20 7849 0134
ríomhphost: alison.thomas@euroclear.co.uk

Aguisín 3 Cuntas Leachtaithe na gCuideachtaí Amhail an 31-12-2008

TEIDEAL	TAISCE
NU - Plast (Arklow) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €17,662.95
Thermal Refrigeration Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €948.49
R J Campbell (Builders) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €454.81
Leinster Credit Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €2,516.58
Keenan Bros. Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €9,445.12
Clare Textiles	Cuntas Infheisteora TSB €251.62
WKLR Supporters	Cuntas Infheisteora TSB €2,129.14
Printing Appliances Sales & Services	Cuntas Infheisteora TSB €2,002.54
Athboy Co-Op Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €33,324.32
McCrae Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €187.17
Metro Investments	Cuntas Infheisteora TSB €107.36
Impshire Thoroughbreds	Cuntas Infheisteora TSB €56,549.28
Sun Laboratories Irl Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €7,420.02
Lazard Global Liquidity Fund	Cuntas Infheisteora TSB €58,340.01
Decvale Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €263.78
MJB Developments Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €218.79
Ranks (Ireland) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €48.66
Mornington Fish Products Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €13,553.27
George Bell (Agencies) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €519.53
Eisc Teoranta	Cuntas Infheisteora TSB €1,938.50
AP Byrne Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €3,672.19
Meridian Capital Markets	Cuntas Infheisteora TSB €11,756.62
Century Communications Ltd.	Cuntas Infheisteora TSB €8.00
Seirbhísí na nOileán Teoranta	Cuntas Infheisteora TSB €2,097.00
Sliogán Éisc na nOileán Teoranta	Cuntas Infheisteora TSB €1,758.00
Carmel International Textiles Ltd.	Cuntas Infheisteora TSB €5,034.00
Private Motorists Protection Assoc. Ltd.	Cuntas Infheisteora TSB €1,792.84
PMPA Oil Co Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €429.63
Farm Fresh Frozen Foods	Cuntas Infheisteora TSB €4,328.96
H Williams (Tallaght) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €6,869.87
PMPA Garage (Arklow) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €913.85
PMPA Garage (Athy) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €429.89
PMPA Garage (Carrick) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €280.28
PMPA Garage (Clonmel) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €4,388.00
PMPA Garage (Dundalk) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €2,444.62
PMPA Garage (Kells) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €362.80
PMPA Garage (Longmile) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €16,713.08
PMPA Garage (North Strand) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €5,696.59
PMPA Garage (Athlone) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €75.95
PMPA Garage (Ballina) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €3,435.55

PMPA Garage (Blayney) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €370.69
PMPA Garage (Bray) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €1,268.85
PMPA Garage (Cashel) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €1,278.86
PMPA Garage (Cavan) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €1,103.17
PMPA Garage (Letterkenny) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €411.52
PMPA Garage (Midleton) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €2,085.04
PMPA Garage (Mullingar) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €166.30
McCairns Motors (Waterford) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €1,782.39
Orbitex Investment Funds PLC	Cuntas Infheisteora TSB €12,281.41
Newbridge Holdings	Cuntas Infheisteora TSB €9,824.56
PMPA Garage (Thurles) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB € 968.37
James McMenamin Ltd	Cuntas Infheisteora TSB € 3,823.00
Clara Candy Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €694.57
Indequip Ltd	Cuntas Infheisteora TSB € 585.11
International Motor Factors (Ireland) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB € 607.13
PMPA Garage (Roscrea) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB € 231.14
PMPA Garage (Portlaoise) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €777.99
North Garage (PMPA) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB € 503.71
Merrill Lynch Defined Returns PLC	Cuntas Infheisteora TSB €108,620.09
Dublin Cargo Handling Ltd	Cuntas Infheisteora TSB € 8,427.84
Close FTSE 100Income & Growth Fund PLC	Cuntas Infheisteora TSB €15,415.25
Transaer International Airlines Ltd	Cuntas Infheisteora TSB € 7,254.14
Mark Synnott (Life & Pensions) Brokers Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €3,108.59
GLG Investments 2 Plc	Cuntas Infheisteora TSB €7,916.78
The Equitable Insurance Company Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €51,493.41
Crannac Co-Operative Society Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €95,947.20
PCS Adjusters Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €761.18
Frank McGivern Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €616.37
Keno Fun Foods Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €300.83
Swiss Life Funds (IRL) Plc	Cuntas Infheisteora TSB €14,100.48
Hospitals' Trust (1940) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €801.98
White Strand Motor Inn Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €1,057.24
Interclaim Recovery Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €1,283.00
Malachy Quinn (Machinery) Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €462.67
Iona Software Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €2,931.83
Mullingar Livestock Agency Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €28,033.44
Kerrigan Insurances Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €516.38
Key Tech Enclosures Ltd	Cuntas Infheisteora TSB €975.41
Irish Savings Building Society	Cuntas Infheisteora TSB €56,806.56

Aguisín 4 Míniú ar na Téarmaí ana nÚsáid sa Tuarascáil

Ní léirmhínithe dlíthiúla iad na sainmhínithe thíos.

Príobháideach Teoranta:	Tá dliteanas na gcomhaltaí teoranta don mhéid, más ann dó, atá neamhíoctha ar a gcuid scaireanna. Uasmhéid de 99 scairshealbhóirí (gan fostaithe san áireamh). Féadfaidh siad comhalta amháin a bheith acu. Ceart srianta ar aistriú scaireanna. Ní féidir scaireanna a thairiscint lena ndíol leis an bpobal.
Poiblí Teoranta:	Tá dliteanas na gcomhaltaí teoranta. 7 scairshealbhóir ar a laghad. Níl uasteorainn leis an líon scairshealbhóirí. Féadfar scaireanna a thairiscint le díol leis an bpobal. Ní féidir tosú ar ghnó nó cumhachtaí iasachta a fheidhmiú ach amháin má bhíonn scairchaipiteal leithroinnte íosta de €38,092.14, aige, agus caithfear ar a laghad 25% de sin a bheith íoctha go hiomlán.
Cuideachta Ráthaíochta:	Féadfar ach ní gá scairchaipiteal a bheith aici. Ní mór de na hairteagail an líon comhaltaí lena molann an chuideachta a bheith cláraithe a lua. Is cuideachta phoiblí í mura bhfuil scairchaipiteal aici agus mar sin ní mór di ar a laghad 7 comhalta a bheith aici. Tá dliteanas na gcomhaltaí teoranta don mhéid ráthaíochta arna sonrú sa Mheabhrán Comhlachais agus, sa chás go bhfuil scairchaipiteal ann, don mhéid, más ann dó, atá neamhíoctha ar a gcuid scaireanna.
Neamhtheoranta:	Tá dliteanas na gcomhaltaí neamhtheoranta. Féadfar ach ní gá scairchaipiteal a bheith aici. Ní mór de na hairteagail an líon comhaltaí lena molann an chuideachta a bheith cláraithe a lua. Más cuideachta phríobháideach í, íosmhéid de 2 scairshealbhóirí agus uasmhéid de 50. Más cuideachta phoiblí í, íosmhéid de 7 scairshealbhóirí agus níl uasmhéid i gceist.
UCITS:	Gnóthas le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe – Is é an t-aon chuspóir caipiteal arna bhailiú ón bpobal a chomhinfheistiú in urrúis inaistrithe, rud a oibríonn ar an bprionsabal de leathadh riosca.

EEIG:	Grúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch – Éascaíonn gníomhaíochtaí eacnamaíoch a chomhaltaí. Ní dhéanann sé féin taifead ar bhrabús nó ar chaillteanais. Tugtar brabúis nó caillteanais ar ais chuig comhaltaí aonair. Comhoibríonn sé thar theorainneacha náisiúnta laistigh den EU. Íosmhéid de 2 comhalta agus uasmhéid de 20. Níl cead aige infheistíocht a lorg ón bpobal.

Aguisín 5 Teagmhálacha fónta do chúrsaí dlí cuideachta sa Roinn

Naisc Láithreáin Ghréasáin
Rannáin Dlí Cuideachta sa Roinn www.entemp.ie
An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta www.clrg.org

Tá na codanna seo a leanas i réimse an Dlí Cuideachta lonnaithe sa Roinn Fiontair, Trádála agus Tráchtála,
Ionad Earlsfort,
Sráid Haiste Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

Is í Breda Power, Rúnaí Cúnta, ceann an Rannáin. Tá ceithre chuid sa rannán.

Dlí Cuideachta AE/Reachtaíocht & Riarachán
Tá an chuid seo fo-roinnte in dhá réimse oibre:

Reachtaíocht a ullmhú agus a dhréachtadh maidir le dlí cuideachta, agus idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le moltaí ón AE ar dhlí cuideachta agus moltaí ón AE a thrasuí isteach i sa dlí intíre.
companylawlegeu@entemp.ie

Is é ról an rannáin Riaracháin comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire i ndáil lena cuid freagrachtaí reachtúla, beartais agus bainistithe a chomhlíonadh faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 to 2006.
companylawadmin@entemp.ie

Athbhreithniú ar Dhlí Cuideachta agus ar Rialú Gnó
Fónann an rannán mar rúnaíocht an Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta. Is iad príomhthascanna an Rannáin:

- Clár oibre an Ghrúpa a bhrostú agus an tuarascáil shubstaintiúil a eascraíonn as an gclár oibre a chur amach gach dara bliain, agus

- Moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe a bhrú chun cinn, faoi réir cheadú ón Aire/ón Rialtas, go dtí an chéim reachtaíochta

www.entemp.ie

Seirbhísí Airgeadais Dlí Cuideachta
Is é ról an aonaid seo creat reachtaíochta soiléir agus iomchuí a chur ar fáil do mheáin chorparáideacha agus eile arna n-úsáid ag tionscal na Seirbhísí Airgeadais, lena n-áirítear Tionscal na gCistí. Is é cuspóir an aonaid a chinntiú go mbíonn forálacha reachtúla iomchuí i bhfeidhm chun forbairt táirgí nua a éascú fad a chinntítear go dtugtar cosaint leordhóthanach do na hinfheisteoirí.
www.entemp.ie

An tAonad Reachtaíochta Comhoibríche

Is é príomhról an Aonaid Reachtaíochta Comhoibríche comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire i ndáil lena cuid freagrachtaí reachtúla, beartais agus bainistithe a chomhlíonadh faoi Acht na gCara-Chumann agus faoin Acht Ceard-Chumann. Tá an obair faoi láthair dírithe go príomha ar athbhreithnithe ar na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair agus Acht na gCara-Chumann ag teacht le Ráiteas Straitéise na Roinne. Áiríodh air sin foilseachán in Aibreán 2009 de pháipéar comhairliúcháin ar Chumainn Tionscail agus Soláthair dar teideal "*Co-operative Societies: Consultation Paper on the Industrial and Provident Societies Acts 1893-2005*". Chun tuilleadh eolais ar obair an Aonaid Reachtaíochta Comhoibríche a fháil, féach www.entemp.ie/commerce/cooplaw.